Uisce Éireann
Irish Water

# Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní

## Bróisiúr an Chomhairliúcháin Phoiblí

Comhairliúchán Poiblí ar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní agus Tuarascálacha Timpeallachta



# Réamhrá

**Sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní, leagtar amach ár gcur chuige straitéiseach, fadtéarma maidir le sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a bhainistiú d'fhonn an méid a leanas a dhéanamh:**

- Tacaíocht a thabhairt dár ndaonra atá ag fás agus dár ngeilleagar
- Sláinte dhaonna agus ár dtimpeallacht a chosaint, agus
- Cur le geilleagar ciorclach agus le huaillmhianta maidir le neodracht ó thaobh carbóin de.

## Uisce Éireann

Mar sholáthraí náisiúnta seirbhísí uisce poiblí na hÉireann, soláthraíonn Uisce Éireann 1.7 billiún lítear d'uisce óil dár gcustaiméirí gach lá agus bailíonn sé agus cóireálann sé níos mó ná 1.2 billiún lítear d'fhuíolluisce sula gcuirfimid é ar ais go sábháilte sa timpeallacht.

Tá sé ríthábhachtach dár sochaí go gcuirtear seirbhísí uisce ar fáil atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe, ag tacú le sláinte phoiblí, ag tacú le soláthar tithíochta agus post agus ag cosaint ár dtimpeallachta agus acmhainní uisce luachmhara.

Is í an phríomhfheidhm atá againn ná uisce óil glan a chur ar fáil do chustaiméirí agus chun fuíolluisce a chóireáil agus a chur ar ais go sábháilte sa timpeallacht. Trí na seirbhísí sin a chur ar fáil, tá ról lárnach againn maidir le fás eacnamaíoch a éascú, agus an timpeallacht agus sláinte agus sábháilteacht ár gcustaiméirí agus an phobail araon á gcosaint.

**ÁR GCUSPÓIR**

Glacaimid leis an dúshlán seirbhísí uisce claochlaitheacha a sholáthar, rud a chuireann ar chumas na bpobal bheith faoi bhláth.

**ÁR BHFÍS**

Éire inbhuanaithe ina bhfuil meas agus cosaint ar uisce, don phláinéad agus do na beatha uile a chothaíonn sé

## An Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní

Is doiciméad tábhachtach í an dréacht-Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní d'Uisce Éireann ina leagtar amach ár straitéis 25 bliana chun cur chuige caighdeánaithe náisiúnta a chinntiú d'fhonn sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú léi ar an bPlean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce (NWSMP) atá ann cheana féin, a foilsíodh in 2016, agus ar deireadh thiar cuirfear í in ionad an NWSMP a luaithe agus a ghlacfar léi.

Sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní cuirtear ár gcuspóirí straitéiseacha i láthair mar aon leis an dóigh a bhfuil sé beartaithe againn iad a bhaint amach i gcomhthéacs na ndeiseanna atá curtha ar fáil ag teicneolaíochtaí comhaimseartha agus ag taighde agus nuáil, agus i gcomhthéacs na ndúshlán is dócha a bheidh amach romhainn sna blianta le teacht freisin.

## Tabhair do thuairimí

Tá Uisce Éireann ag iarraidh aiseolais uait ar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní, agus ar an Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA), ar an Tuarascáil Timpeallachta agus ar Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a ghabhann léi.

**Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 27 Bealtaine 2026 go dtí an 22 Iúil 2026.**

Tar éis chríochnú an chomhairliúcháin sin, cuirfear aighneachtaí agus barúlacha uile a gheofar ó chomhairliúchán poiblí san áireamh, agus déanfar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní a athbhreithniú agus a nuashonrú. A luaithe agus a bheidh sí glactha ag bord Uisce Éireann, foilseofar an leagan deiridh den Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní in éineacht leis an ráiteas SEA agus Cinneadh AA (Measúnú Cuí).




## Cén fáth a bhfuil an Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní ag teastáil?

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí ar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní agus tar éis do Bhord Uisce Éireann í a ghlacadh, déanfar an méid a leanas tríd an Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní:

- ✓ Cinnteofar go gcomhlíontar riachtanais reachtaíochta agus rialála lena n-áirítear an Treoir athmhúnlaithe um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh (rUWWTD), an Treoir um Shloda Camrais (SSD) agus an Cód Dea-chleachtais maidir le Bithsholaid a úsáid i dTalmhaíocht.
- ✓ Tabharfar tacaíocht do chuspóirí Phlean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (WSSP) Uisce Éireann 2050.
- ✓ Déanfar eolas do ghníomhaíochtaí caipitil agus oibríochtúla amach anseo maidir le bainistíocht inbhuanaithe bithacmhainní in Éirinn.
- ✓ Tabharfar tacaíocht d’acmhainneacht amach anseo agus cuirfear gníomhaíochtaí chun cinn chun modhanna nua agus malartacha a chur i bhfeidhm maidir le sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a bhainistiú.

## Plean Náisiúnta um Bainistíocht Sloda Fuíolluisce (2016)

Foilsíodh ár bPlean Náisiúnta Bainistíochta Sloda Fuíolluisce atá ann cheana in 2016 agus leagadh amach ár straitéis 25 bliana léi chun cur chuige caighdeánaithe náisiúnta a chinntiú maidir le bainistíocht sloda fuíolluisce a bhainistiú. Beagnach 10 mbliana ar aghaidh, tá athbhreithniú agus nuashonrú déanta againn ar an NWSMP atá ann cheana chun nuashonrú a chur ar fáil maidir le dul chun cinn i leith na gcuspóirí a bhí sonraithe ann agus a mhéad agus atá siad bainte amach.

Tá sé beartaithe Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní a thabhairt mar ainm ar an NWSMP d’fhonn na nithe a leanas a léiriú:

- Athruithe Rialála, amhail an Treoir athmhúnlaithe maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh
- Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, neodrachta ó thaobh carbóin de agus inbhuanaitheachta
- Forbairtí sa tionscal, dul chun cinn sa teicneolaíocht agus dea-chleachtas idirnáisiúnta, lena n-áirítear an cur chuige a ghlactar ag fóntais RA

# Sloda Fuíolluisce agus Bithacmhainní a bhainistiú

## Cad atá i gceist leis?

Is substaint í sloda fuíolluisce a bhfuil neart cothaitheach ann a bhíonn fágtha tar éis phróiseas na cóireála fuíolluisce Déantar sloda fuíolluisce a chóireáil chun a mhéid a laghdú agus é a bhriseadh síos a thuilleadh. Déantar é a chóireáil freisin chun bithacmhainní a aisghabháil ar féidir iad a athúsáid go tairbheach chun tacú le geilleagar ciorclach.

| | |
|---|---|
| Cóireáil | Déantar sloda fuíolluisce a chóireáil chun bithacmhainní a aisghabháil ar féidir iad a athúsáid go tairbheach ar bhealach inbhuanaithe agus ciorclach. Áirítear leis sin fuinneamh a aisghabháil, trí phróisis amhail díleá anaeróbach agus ard-díleá anaeróbach, mar aon le hacmhainní a bhfuil neart cothaitheach iontu, amhail bithsholaid a dhéantar a aisghabháil trí phróisis amhail cobhsú aoil, ar féidir iad a athúsáid go tairbheach mar leasachán i dtalmhaíocht. |
| Iompar, Stóráil agus Lóistíocht | Tugtar achoimre sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní ar an gcuspóir atá againn chun iompar agus stóráil sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a bharrfheabhsú, agus an dóigh a mbainfimid sin amach trí uirlis tacaíochta um chinntí straitéiseacha a úsáid maidir le bithacmhainní náisiúnta. |
| Bonneagar Ionad Bithacmhainní | Déantar sloda ó ionaid cóireála fuíolluisce faoin tuath a iompar chuig lárionaid dí-uiscithe satailíte, áit a laghdaítear a mhéid sula ndéantar é a iompar chuig ionad bithacmhainní le haghaidh cóireála. |
| Monatóireacht agus Comhlíontacht | Áirítear le bainistíocht sloda fuíolluisce agus bithacmhainní comhlíontacht a chinntiú maidir le ceanglais rialála agus caighdeáin cháilíochta ar leibhéal AE, náisiúnta agus eagraíochta. |

## Tacaíocht a thabhairt don bhithgheilleagar

Is féidir cur leis an mbithgheilleagar trí chóireáil sloda fuíolluisce mar thoradh ar na bithacmhainní a dhéantar a aisghabháil trí phróisis chóireála. Áirítear leo sin:

### Giniúint fuinnimh in-athnuaite

Trí na próisis a úsáidtear chun sloda fuíolluisce a chóireáil gintear bithghás le neart meatáin ar féidir é a thiontú ina fhuinneamh agus ina theas.

### Aisghabháil acmhainní

Tá go leor eilimintí i sloda fuíolluisce atá thar a bheith luachmhar amhail ábhar orgánach agus cothaithigh ar féidir iad a aisghabháil agus a athúsáid mar amhábhair in earnálacha eile.

Trí bhithacmhainní a úsáid laghdaítear ár lorg carbóin foriomlán agus tá sé mar aidhm sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní leas a bhaint as na deiseanna sin chun cuidiú lenár n-uaillmhianta a bhaint amach maidir le neodracht ó thaobh carbóin de.

## Ag féachaint ar aghaidh

Sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní táthar ag féachaint ar aghaidh agus breithnítear an tírdhreach atá ag athrú ina n-oibrímid agus conas a d'fhéadfadh sé sin an dóigh a mbainistítear sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a athrú.

Rinneamar machnamh ar na dúshláin fhoriomlána atá roimh Uisce Éireann, amhail athrú aeráide, daonra atá ag dul i méid agus an geilleagar, géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta, bonneagar atá ag dul in aois, reachtaíocht, agus dálaí eacnamaíocha. Chuireamar dúshláin san áireamh freisin a bhaineann go sainiúil le sloda fuíolluisce agus le bithacmhainní.

- Athruithe reachtaíochta agus rialála
- Uaillmhianta inbhuanaitheachta
- Sonraí agus tuairisciú
- Truailleáin atá ag teacht chun cinn
- Stóráil
- Lóistíocht iompair



# Ár gCur Chuige maidir leis an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní

Sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní sainaithnítear ceithre chuspóir straitéiseacha. Tá trí aidhm straitéiseacha déag ag gabháil leis na cuspóirí sin a chuideoidh linn tabhairt faoinár riachtanais infheistíochta is ríthábhachtaí, freagairt a dhéanamh ar athruithe beartais agus rialála atá ag teacht chun cinn agus bheith ag teacht lenár gcroíphrionsabail um gheilleagar ciorclach, neodracht ó thaobh fuinnimh de, neodracht ó thaobh carbóin de agus inbhuanaitheacht.

Sa Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní (NBioS) cuirtear 35 bheart i láthair lena leagtar amach an dóigh a bhfuil sé molta againn ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.




## Bainistiú inbhuanaithe sloda fuíolluisce agus bithacmhainní

**Aidhmeanna straitéiseacha:**

1. Glan-nialas carbóin a bhaint amach
2. Cuir chuige chiorclacha a ghlacadh
3. Luach ó nuálaíocht a fháil
4. Maoiniú fadtéarmach a dhaingniú

## Ár dtimpeallacht a chosaint agus a athchóiriú

**Aidhmeanna straitéiseacha:**

5. Cur le bithéagsúlacht dearfach
6. Ár ngealltanais faoi rUWWTD agus faoin Treoir maidir le Slóda Séarachais a chomhlíonadh
7. Ár dtimpeallacht uisce agus talún a chosaint

## Tacú lenár bpobail, lenár bhfás agus leis an mbithgheilleagar

**Aidhmeanna straitéiseacha:**

8. Dul i dteagmháil le pobail
9. Tacú leis an mbithgheilleagar ciorclach a fhorbairt
10. Soláthar d'fhás

## Oibriú éifeachtach ionaid sloda fuíolluisce agus bithacmhainní

**Aidhmeanna straitéiseacha:**

11. Ár sócmhainní a bhainistiú
12. Iompar éifeachtach a áirithiú
13. Teicneolaíochtaí éifeachtacha a chur i bhfeidhm

# Conas páirt a ghlacadh ann

Táimid ag iarraidh ionchuir a fháil uait leis an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní agus le tuarascálacha timpeallachta gaolmhara tríd an gcomhairliúchán poiblí sin, a bheidh ar siúl ar feadh ocht seachtaine ón 27 Bealtaine 2026 go dtí an 22 Iúil 2026.

Tabhair cuairt ar ár n-ardán comhairliúcháin chun ceisteanna faoin gcomhairliúchán a fheiceáil agus chun aighneacht a chur isteach ar líne.

Má tá ceisteanna ar bith agat don fhoireann tionscadail nó más maith leat aighneacht i scríbhinn a chur isteach, is féidir leat na nithe a leanas a dhéanamh:

**Seol ríomhphost chuig:** nbios@water.ie
**Scríobh chugainn ag:** An Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní, F/Ch. Tetra Tech Ireland, Campas Gnó na Cé Thiar, Seanbhóthar Dhún Laoghaire, Co.Bhaile Átha Cliath, A92 N6T7

Beidh **seimineár gréasáin faisnéise poiblí** ar siúl ag 12in an 23 Meitheamh nuair a thabharfaidh foireann an tionscadail forbhreathnú ar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní, ar na measúnuithe timpeallachta agus ar an bpróiseas comhairliúcháin.

Chun clárú, tabhair cuairt ar leathanach gréasáin na Dréacht-straitéise Náisiúnta um Bithacmhainní nó seol ríomhphost chugainn ag nbios@water.ie.

**Ar an suíomh gréasáin dár gcuid is féidir leat rochtain a fháil ar:**

- An Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní
- SEA - Tuarascáil Timpeallachta
- An Ráiteas Tionchair Natura
- Tairseach an Chomhairliúcháin
- Sonraí na n-imeachtaí comhairliúcháin agus conas clárú




## Conas a úsáidfear mo chuid aiseolais?

Déanfar do chuid aiseolais a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú, agus a chur san áireamh d'fhonn eolas a dhéanamh d'athruithe ar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní.

Tabhair faoi deara go bhfoilseoidh Uisce Éireann tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar aiseolas ón gcomhairliúchán agus go bhféadfadh sé sonraí anaithnidithe a fhoilsiú ó na freagairtí a fuarthas.

Beidh aighneachtaí uile a gheofar faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

.

## An raibh comhairliúcháin ar siúl roimhe seo?

Tá dhá thréimhse de chomhairliúchán dírithe i gceist leis an bpróiseas a bhaineann leis an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní a fhorbairt.

Reáchtáladh an chéad chomhairliúchán in 2024. Eagraíodh an comhairliúchán le páirtithe leasmhara reachtúla i dtaca le Tuarascáil Scóipe SEA.

# Consultation Questions

## Ceist 1 - Ag Féachaint ar Aghaidh

I **gCuid 2**, rinneamar príomhdhúshláin a shainaithint atá tuartha againn de réir mar a dhéanfaimid fotháirgí sloda fuíolluisce a chóireáil, a aisghabháil agus a athúsáid ar bhonn inbhuanaithe sa todhchaí.

Áirítear leo sin na dúshláin fhoriomlána atá roimh Uisce Éireann, amhail athrú aeráide, daonra atá ag dul i méid agus an geilleagar, géarchéimeanna comhshaoil agus bithéagsúlachta, bonneagar atá ag dul in aois, reachtaíocht, agus dálaí eacnamaíocha.

Áirítear leo freisin dúshláin a bhaineann go sainiúil le sloda fuíolluisce agus bithacmhainní amhail athruithe reachtaíochta agus rialála, uaillmhianta maidir le hinbhuanaitheacht, stóráil, lóistíocht iompair, truailleáin atá ag teacht chun cinn, agus sonraí agus tuairisciú.

**An bhfuil tuairimí ar bith agat faoi na dúshláin atá sainaitheanta agus an bhfuil dúshláin eile ann atá le cur san áireamh?**

## Ceist 2 - Cuspóirí:

I gCuid 3, cuirimid ceithre chuspóir straitéiseacha i láthair a bhfuiltear ag iarraidh iad a bhaint amach leis an Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní:

Cuspóir straitéiseach 1: Bainistíocht inbhuanaithe sloda fuíolluisce agus bithacmhainní.
Cuspóir straitéiseach 2: Ár dtimpeallacht a chosaint agus a athchóiriú.
Cuspóir straitéiseach 3: Tacaíocht a thabhairt dár bpobail, d'fhás, agus don bhithgheilleagar.
Cuspóir straitéiseach 4: Ionaid sloda fuíolluisce agus bithacmhainní a oibriú ar bhonn éifeachtúil.

**An bhfuil tuairimí agat faoi na cuspóirí straitéiseacha agus faoi na haidhmeanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara?**

## Ceist 3 - Réitigh

I **gCodanna 6 go 12** den dréacht-straitéis, déanaimid iniúchadh ar phróisis agus ar theicneolaíochtaí cóireála, déanaimid riachtanais iompair agus bonneagair a shainaithint, agus déanaimid measúnú ar réitigh athúsáide agus aisghabhála.

**An bhfuil tuairimí agat faoi na réitigh a sainaithníodh agus an bhfuil réitigh eile ann gur mhaith leat go gcuirfí iad san áireamh?**

## Ceist 4 - Tuarascálacha SEA & NIS:

**An bhfuil barúlacha ar bith agat faoin Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA), faoin Tuarascáil Timpeallachta agus faoi Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a ghabhann leis an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní?**

# Na Chéad Chéimeanna Eile

**Tar éis chríochnú an chomhairliúcháin sin, cuirfear aighneachtaí agus barúlacha uile a gheofar ó chomhairliúchán poiblí san áireamh, agus déanfar an Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní a athbhreithniú agus a nuashonrú.**

A luaithe agus a bheidh sí glactha ag bord Uisce Éireann, foilseofar an leagan deiridh den Dréacht-straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní in éineacht leis an ráiteas SEA agus Cinneadh AA (Measúnú Cuí) i ráithe 4 2026.

Déanfar athbhreithniú rialta ar an leagan deiridh den Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní gach cúig bliana ar a laghad, nó de réir mar a éilítear ag an reachtaíocht. Trí mheán an athbhreithnithe sin, ligfear dúinn dul in oiriúint do dháil nó do riachtanas athraitheach ar bith. Déanfar eolas do nuashonruithe ar an leagan deiridh den Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní ag athruithe ar bith amach anseo ar reachtaíocht ábhartha nó ar bheartas an rialtais.

2023

**2023**

Leasmhara Chéim Tionscnaimh Tionscadail

Próiseas Aiseolais Inmheánaigh ó Pháirtithe

2024

**2024**

Criathrú SEA/AA agus Tuarascála Scóipe SEA

Comhairliúchán le páirtithe leasmhara reachtúla - 8 seachtaine

2025

**2024/2025**

Dréacht-Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní a ullmhú, lena n-áirítear Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus Athbhreithniú ar Mheasúnú Cuí

Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar Aiseolas Chomhairliúchán 1

2026

**2026 Earrach - Samhradh**

Dréacht-Straitéis Náisiúnta Bithacmhainní, Tuarascáil Chomhshaoil SEA agus Measúnú Tionchair Natura a fhoilsiú

Comhairliúchán 2 (C2) - 8 seachtaine

**TÁIMID ANSEO**

**2026 Samhradh**

An Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní a Chríochnú

Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar Aiseolas Chomhairliúchán 2 agus Tuarascálacha Aiseolais ar an gComhairliúchán a Fhoilsiú

**2026 Geimhreadh**

Straitéis Náisiúnta um Bithacmhainní Deiridh, Ráiteas SEA agus Ráiteas Tionchair Natura a fhoilsiú

Páirtithe Leasmhara a chur ar an eolas agus Faisnéis Phoiblí a tháirgeadh

- Gníomhaíocht Teicniúil
- Comhairliúchán